**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 27 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Înalta Curte de Casație şi Justiție – an Rómáin) – Banca A v Agenția Națională de Administrare Fiscală (ANAF), Preşedintele ANAF**

**(Cás C-827/21,** [1] **Banca A (Feidhmiú na Treorach um chumaisc i gcás inmheánach))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2009/133/CE – Airteagal 7 – Cumasc trí éadáil – Oibríocht inmheánach amháin – Tosaíocht dhlí an Aontais lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais – Neamhláithreacht – Dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú lasmuigh dá raon feidhme – Dlínse na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialú a thabhairt – Coinníoll – Dlí an Aontais a dhéantar infheidhme go díreach agus gan choinníoll leis an dlí náisiúnta)***

(2023/C 205/13)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Înalta Curte de Casație şi Justiție

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Banca A

*Cosantóirí:* Agenția Națională de Administrare Fiscală (ANAF), Preşedintele ANAF

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní cheanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh ar chúirt náisiúnta, i gcomhréir le Treoir 2009/133/CE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar chumaisc, rannta, páirtrannta, aistrithe sócmhainní agus malartuithe scaireanna i dtaobh cuideachtaí Ballstát éagsúil agus ar aistriú oifige cláraithe SE nó SCE ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, foráil den dlí náisiúnta is infheidhme maidir le hoibríocht inmheánach amháin i ndáil le cumasc dhá ghnóthas a bhfuil a n-oifig chláraithe ag gach gnóthas sa Bhallstát céanna, i gcás nach dtagann an oibríocht sin faoi raon feidhme na Treorach sin.

2. Níl aon dlínse ag an gCúirt na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú maidir le léiriú Threoir 2009/133 a fhreagairt, ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach dtagann fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme na Treorach sin agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil an dlí náisiúnta infheidhme go díreach agus gan choinníoll maidir leis na fíorais sin.

---

[1] IO C 165, 19.4.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 20 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht — an Ostair)— BF v Versicherungsanstalt öffentlich Bediensteter, Eisenbahnen und Bergbau (BVAEB)**

**(Cás C-52/22** [1]**, BVAEB (Coigeartú ar phinsean scoir))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Treoir 2000/78/CE – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais aoise – Airteagal 2(1) agus Airteagal 2(2)(a) – Airteagal 6(1) – Pinsean scoir – Reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar an scéim pinsin do státseirbhísigh a ailíniú de réir a chéile leis an scéim pinsin ghinearálta – An chéad choigeartú ar mhéid an phinsin a dhéantar níos túisce do chatagóir amháin státseirbhísigh ná do chatagóir eile – Bonn cirt)***

(2023/C 205/14)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht